1916 2016

CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN

Centenary Programme

An 2ú hEagrán / 2nd edition

UÍBH FHAILÍ / OFFALY

The Seven Programme Strands
Seacht Snáithe an Chláir
2nd edition / An 2ú hEagrán

State and Local Ceremonial
Searmanais Stáit agus Áitiúla

Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

The Living Language
An Teanga Bheo

Youth and Imagination
An Óige agus an tSamhlaíocht

Cultural Expression
Léiriú Cultúrtha

Community Participation
Rannpháirtíocht Phobail

Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an
Domhain agus an Diaspóra

THE IRELAND 2016 CENTENARY PROGRAMME is built on Seven Programme Strands which, taken together, reflect the themes of Remembering, Reconciling, Presenting, Imagining and Celebrating. The programme will continue to grow and develop over the coming months. To see the updated programme, other county programmes and the national programme for 2016, please visit www.ireland.ie

TÁ ÉIRE 2016: CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN bunaithe ar Sheacht Snáithe Cláir, agus nuair a thógtar iad sin i dteannta a chéile, léiríonn siad na téamaí Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh. Leanfar ar aghaidh le fás agus forbairt an Chláir sna míonna amach romhainn. Leis an gclár nuashonraithe a fheiceáil, chomh maith le cláir chontaetha eile agus an clár náisiúnta le haghaidh 2016, téigh chuig www.ireland.ie

Formal commemorative events, focused on remembering and honouring those who took part in the Easter Rising, and especially those who gave their lives.

Beidh imeachtaí foirmiúla comórtha ann a bheidh dírithe ar na daoine a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca, go háirithe iad siúd a thug a mbeatha lena linn, a thabhairt chun cuimhne agus a onórú.

A range of history-based activities and initiatives, designed to deepen and broaden our understanding of the events of 1916 and that pivotal period in our history.

Beidh réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh staire ann a cheapfar chun ár dtuiscint ar imeachtaí 1916 agus an tréimhse ríthábhachtach sin inár stair a dhoimhniú agus a leathnú.

Reflecting on the central place of the Irish language in the ideals of the Revolutionary Generation and celebrating the language through a diverse programme of events.

Cuirfear clár ilghnéitheach imeachtaí ar siúl mar léiriú ar áit lárnach na Gaeilge in idéil na glúine réabhlóidí agus chun an teanga a cheiliúradh.

Placing children and young people at the centre of the Ireland 2016 Centenary Programme and integrating historical exploration with a range of imaginative activities.

Cuirfear leanaí agus daoine óga i gcroílár Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain agus déanfar iniúchadh ar cheisteanna staire a chomhtháthú le réimse gníomhaíochtaí samhlaíocha.

Working with our creative community and arts organisations to reflect on our past, our present and our future, with a focus on 1916.

Oibriú lenár bpobal cruthaitheach agus eagraíochtaí ealaíon chun machnamh a dhéanamh ar an am atá thart in Éirinn, ar an saol atá ann faoi láthair agus ar a bhfuil i ndán dúinn amach anseo, agus béim faoi leith ar eachtraí 1916.

Encouraging widespread citizen engagement in 1916 related events, involving the broadest possible community and voluntary sector participation in towns and villages throughout the country.

Saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.

Inviting the global Irish family and friends of Ireland from all over the world to join us in remembering, reflecting and re-imagining.

Cuireadh a thabhairt do chlann na hÉireann ó gach cearn den domhan agus do chairde na hÉireann a bheith linn agus muid ag cuimhneamh, ag déanamh machnaimh agus ag athshamhlú.

Foreword
Brollach

In July 2014 the members of Offaly County Council established a sub-committee, comprising elected members and staff, to coordinate events to mark 1916 in Offaly and to be the link to Ireland 2016, the national office in the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht.

The committee sought expressions of interest from the public, their ideas and suggestions, as to how 1916 can be remembered, reconciled, presented, imagined and celebrated in Offaly. Thirty six submissions were received and based on these a draft programme of commemoration was prepared. A Public Information meeting was held on 13 May 2015 in the Court Hotel, Tullamore to garner the public's ideas and opinions. The large attendance - in excess of ninety people registered on the evening – warmly welcomed the programme and the general feedback was that it is extensive in its scope and appropriate in its subject matter. The Offaly 2016 Commemoration Committee reviewed the comments and feedback received, both on the night and subsequently. A number of the proposals which emerged on the night have been incorporated into the commemoration programme. The Committee continues to liaise with various groups and individuals to develop these proposals further.

I mí Iúil 2014 bhunaigh comhaltaí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí fochoiste, ina bhfuil comhaltaí tofa agus baill foirne, chun imeachtaí a chomhordú le ceiliúradh a dhéanamh ar 1916 in Uíbh Fhailí agus a bheith ar an nasc le Éire 2016, an oifig náisiúnta sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Lorg an coiste léirithe spéise ón bpobal, agus a gcuid smaointe agus moltaí, maidir le conas is féidir linn cuimhneamh ar 1916, athmhuintearas a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair, a shamhlú agus a cheiliúradh in Uíbh Fhailí. Fuarthas 36 aighneacht agus ullmhaíodh dréachtchlár comórtha bunaithe orthu sin. Cuireadh cruinniú Faisnéise Poiblí ar siúl an 13 Bealtaine 2015 sa Court Hotel, Tulach Mhór chun smaointe agus tuairimí an phobail a fháil. Chuir an slua mór a bhí i láthair – bhí breis is nócha duine cláraithe ar an oíche – fáilte mhór roimh an gclár agus ba é an tuairim ghinearálta ina measc ná go bhfuil an clár forleathan ó thaobh raoin de agus oiriúnach don ábhar atá i gceist. D'fhéach Coiste Comórtha 2016 Uíbh Fhailí ar na tuairimí agus ar an aiseolas a fuarthas ar an oíche sin agus ina dhiaidh sin. Tá roinnt de na tograí a tháinig chun cinn ar an oíche san áireamh sa chlár comórtha anois. Leanann an Coiste ag obair le grúpaí agus le daoine éagsúla chun na tograí sin a fhorbairt tuilleadh.

THE BACKGROUND IN OFFALY

The 1916 Rising had a profound impact on Offaly. Its legacy is partly reflected in the name change from King's County to Offaly, the GAA county colours, and the several memorials and monuments in the midlands inspired by the Rising and the ensuing Revolutionary period.

On 20 March 1916 a fracas broke out between a large group of 'separation' women and boys and Irish Volunteers in the Sinn Féin rooms in William Street, Tullamore. Led by Peadar Bracken, the Volunteers resisted attempts by the RIC to disarm them. An RIC Sergeant was shot in the arm and seriously wounded by Peadar Bracken. After hearing the news PH Pearse

AN CÚLRA IN UÍBH FHAILÍ

Bhí tionchar thar cuimse ag Éirí Amach 1916 ar Uíbh Fhailí. Tá a oidhreacht léirithe ar bhealach amháin san athrú a rinneadh ar ainm an chontae ó King's County (Contae an Rí) go hUíbh Fhailí, i ndathanna CLG an chontae, agus i roinnt cuimhneachán agus séadchomharthaí i lár na tíre a fuair inspioráid ón Éirí Amach agus ón tréimhse Réabhlóideach a tháinig ina dhiaidh.

An 20 Márta 1916 bhris scliúchas amach idir grúpa mór ban agus buachaillí 'scartha' agus Óglaigh na hÉireann i seomraí Shinn Féin ar Shráid Liam, Tulach Mhór. Faoi stiúir Pheadair Bracken, fuair Óglaigh na hÉireann an ceann is fearr ar iarrachtaí an RIC a n-arm a chur ó mhaith. Chaith Peadar Bracken urchar le Sáirsint de chuid an RIC agus gortaíodh go dona é. Tar éis dó an scéal a chloisteáil d'fhógair Pádraig Mac Piarais: 'Rinneadh beart

declared: 'A great deed was done last night at Tullamore, when blood was shed in defence of the Volunteers' right to carry arms…' Some perceived the incident as a prelude to the Rising in Dublin.

Eleven Offaly men were known to have fought in the Rising: Seamus Kenny, Belmont; James Carroll, Shannonharbour; Seamus O'Brennan, Tullamore; Patrick McDonnell, Belmont; Patrick Doyle, Ferbane; Seamus Kelly, Mucklagh; Joseph Doolan, Killoughey; Kieran Kenny, Banagher; Eamonn Bulfin, Birr; Peadar Bracken, Tullamore; and Michael Foley, Edenderry. Ongoing research will identify more participants in the Rising with Offaly connections who have to date been inadvertently overlooked. Hitherto unexplored civilian perspectives on the Rising's impact on Offaly will also be emphasised.

The initial political reaction to the Rising in King's County was one of dismay. Members of Tullamore Urban District Council condemned the Rising which they believed was 'gravely detrimental to the real political and industrial interests of Ireland…'. Speaking at a Tullamore Rural District Council meeting, E.J. Graham MP blamed the Unionist leader Edward Carson. In what was a major turning-point, the executions of the Rising leaders created bitterness and anger. The leaders of the Rising were transformed into martyrs. Many people considered them idealists who fought bravely. A young nun with Offaly links, Rev. Mother Maria Columba Gibbons, composed a popular patriotic ballad 'Who Fears to Speak of Easter Week.'

mór aréir i dTulach Mhór, nuair a doirteadh fuil ag cosaint cheart na nÓglach arm a bheith ar iompar acu…' Mheas roinnt daoine go raibh an eachtra mar réamheachtra don Éirí Amach i mBaile Átha Cliath.

B'eol gur throid 11 fhear as Uíbh Fhailí san Éirí Amach: Seamus Kenny, an Lios Dearg; James Carroll, Caladh na Sionainne; Seamus O'Brennan, Tulach Mhór; Patrick McDonnell, an Lios Dearg; Patrick Doyle, an Féar Bán; Seamus Kelly, an Muclach; Joseph Doolan, Cill Achaidh; Kieran Kenny, Beannchar; Eamonn Bulfin, Biorra; Peadar Bracken, Tulach Mhór; agus Michael Foley, Éadan Doire. Sainaithneofar i dtaighde atá ag dul ar aghaidh daoine eile a raibh baint acu le hUíbh Fhailí agus a bhí páirteach san Éirí Amach ach a ligeadh i ndearmad de thimpiste. Dá bharr sin cuirfear béim freisin ar dhearcthaí na sibhialtach nach ndearnadh iniúchadh orthu go dtí seo maidir le tionchar an Éirí Amach ar Uíbh Fhailí.

Bhí guais ar dhaoine sa saol polaitiúil i gContae an Rí i dtús báire faoin Éirí Amach. Cháin comhaltaí Chomhairle Ceantair Uirbigh Thulach Mhór an tÉirí Amach a chreid siad 'a rinne dochar ollmhór do fíorleasanna polaitiúla agus tionsclaíocha na hÉireann…'. Ag labhairt dó ag cruinniú de Chomhairle Ceantair Thuaithe Thulach Mhór, chuir E.J. Graham MP an milleán ar cheannaire na nAontachtaithe Edward Carson. Ag tráth a chuir casadh mór sa scéal, d'eascair searbhas agus fearg as an gcinneadh ceannairí an Éirí Amach a chur chun báis. Rinneadh mairtírigh de cheannairí an Éirí Amach. Mheas go leor daoine gurbh idéalaithe a bhí iontu a throid go cróga. Chum an Mháthair Oirmhinneach Maria Columba Gibbons, bean rialta óg a rugadh i mBéal Átha Chomair bailéad tírghrá pobail 'Who Fears to Speak of Easter Week'.

The issue of republican prisoners generated renewed sympathy for the rebels. Tullamore Rural District Council adopted a resolution from Cork Corporation protesting against the harsh treatment of republican prisoners. The Irish National Aid Association was formed to assist hard-pressed families of slain and interned republicans. The Midland Tribune reported a large turnout in Tullamore to welcome home the prisoners. Banagher native Kieran Kenny, who fought in the Marrowbone Lane Distillery post during the Rising died on 28 October 1922 from illness contracted while interned in Frongoch.

Building on their success in the 1918 general election, republicans made further significant gains in the local government elections in 1920. In June 1920 King's County Council was officially renamed Offaly County Council. The Council pledged its allegiance to Dáil Éireann. Eamonn Bulfin was appointed the first Chairman of the new council. In 1919 British authorities had deported him to Argentina, the country of his birth. Bulfin was the Dáil's representative in Argentina. In Bulfin's absence, prominent Edenderry resident Sean O'Kelly was elected Acting Chairman of Offaly County Council. On 1 September 1920 members of Tullamore Rural District Council rescinded the resolution condemning the Rising.

The programme will be updated on our Facebook page Offaly2016, our website www.offaly.ie/2016 or please email offaly2016@offalycoco.ie for further information.

Bhí trua arís ag daoine do na ceannaircigh mar gheall ar scéal na bpríosúnach poblachtach. Ghlac Comhairle Ceantair Thuaithe Thulach Mhór le rún ó Bhardas Chorcaí a bhí ag gearán faoin gcaoi a rabhthas ag caitheamh go dona le príosúnaigh phoblachtacha. Bunaíodh Cumann Náisiúnta Cúnaimh na hÉireann chun cuidiú le teaghlaigh na bpoblachtach a maraíodh agus a bhí i bpríosún. Thuairiscigh an Midland Tribune gur tháinig slua mór amach i dTulach Mhór chun fáilte abhaile a chur roimh na príosúnaigh. Fuair Kieran Kenny arbh as Beannchar ó dhúchas dó, agus a throid i bPost Drioglainne Lána Mhuire Mhaith i rith an Éirí Amach, bás an 28 Deireadh Fómhair 1922 ó thinneas a fuair sé agus é á imtheorannú in Frongoch.

Ag tógáil ar an rath a baineadh amach in olltoghchán 1918, rinne poblachtaigh tuilleadh gaisce sna toghcháin rialtais áitiúil i 1920. I mí an Mheithimh 1920 athainmníodh Comhairle Chontae an Rí go hoifigiúil mar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Gheall an Chomhairle a bheith faoi ghéillsine ag Dáil Éireann. Ceapadh Éamonn Bulfin mar chéad Chathaoirleach ar an gComhairle nua. I 1919 dhíbir údaráis na Breataine go dtí an Airgintín é, an tír inar rugadh é. Ba é Bulfin ionadaí na Dála san Airgintín. Nuair a bhí Bulfin as baile, toghadh Seán O'Kelly, fear clúiteach as Éadan Doire, mar Chathaoirleach Gníomhach ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. An 1 Meán Fómhair 1920 chealaigh comhaltaí Chomhairle Ceantair Thuaithe Thulach Mhór an rún inar cáineadh an tÉirí Amach.

Déanfar nuashonrú ar an gclár ar leathanach Facebook Offaly2016, ar an suíomh gréasáin www.offaly.ie/2016 nó seol ríomhphost chuig offaly2016@offalycoco.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Programme
An Clár

Ceremonial
Searmanais

20.03.16 Tullamore Tulach Mhór	A Ceremony of Commemoration will be held in Tullamore on Sunday, 20 March 2016. This will be the anniversary of the Tullamore Incident in 1916. The Ceremony will mark the site of the Tullamore incident and finish at the memorial at the Courthouse.	Beidh Searmanas Cuimhneacháin ar siúl i dTulach Mhór Dé Domhnaigh, an 20 Márta 2016. Sin cothrom an ama ar tharla Eachtra Thulach Mhór i 1916. Déanfar ceiliúradh ag an Searmanas ar an láthair inar tharla Eachtra Thulach Mhór agus tabharfar chun críche é ag an searmanas cuimhneacháin ag Teach na Cúirte.
	A number of ceremonial commemoration events will be held throughout the county.	Beidh roinnt imeachtaí comórtha searmanais ar siúl ar fud an chontae.
06.03.16 Shinrone Suí an Róin	Dr. Patrick Doyle – Commemoration Event.	An Dr Patrick Doyle - Imeacht Comórtha.
24.04.2016 Edenderry Éadan Doire	Edenderry – Commemoration Event.	Éadan Doire – Imeacht Comórtha.
TBC 20 TO 28.08.2016 Clonmacnoise Cluain Mhic Nóis	Unveiling of the relocated plaque at Clonmacnoise.	Nochtadh na plaice athlonnaithe ag Cluain Mhic Nóis.
20.03.16 Tullamore Tulach Mhór	Ceremony dedicating a 1916 Garden of Remembrance and unveiling of a 1916 commemorative plaque ensuring a physical legacy remains following the centenary celebration.	Searmanas ina dtiomnófar Gairdín Cuimhneacháin 1916 agus nochtadh phlaic chuimhneacháin 1916 lena gcinnteofar go mbeidh oidhreacht fhisiceach le feiceáil i ndiaidh an chomórtha céad bliain.

Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

QUARTER 1, 2016 RÁITHE 1, 2016 Tullamore, Geashill, Edenderry, Clonmacnoise Shinrone Tulach Mhór, Géisill, Éadan Doire, Cluain Mhic Nóis, Suí An Róin	There already exists a number of memorials connected with 1916 and its legacy in Offaly, namely: at the Courthouse and Columcille St in Tullamore, Rev Thomas Burbage in Geashill, Edenderry, Clonmacnoise and Shinrone. Many of these need conservation work and to have their settings enhanced. The committee has decided to focus on improving these memorials rather than commissioning new memorials.	Tá roinnt cuimhneachán a bhfuil baint acu le 1916 agus lena hoidhreacht in Uíbh Fhailí cheana féin, is iad sin: ag Teach na Cúirte agus Sráid Cholm Cille i dTulach Mhór, Séadchomhartha don Urramach Thomas Burbage i nGéisill, Éadan Doire, Cluain Mhic Nóis agus Suí an Róin. Teastaíonn obair chaomhnaithe ó chuid mhaith díobh agus tá an áit timpeall orthu le feabhsú. Tá sé socraithe ag an gcoiste díriú ar na cuimhneacháin sin a fheabhsú seachas cinn nua a choimisiúnú.
COMMENCE IN: QUARTER 4, 2015 AG TOSÚ: RÁITHE 4, 2015 Library Network Líonra Leabharlainne	The Offaly 2016 Commemoration Committee, in partnership with the historical societies, will invite the public to record memorabilia in the coming months. This project will be done with the assistance of and in line with Inspiring Ireland's methodology. The memorabilia gathered will be photographed and digitally uploaded to the Digital Repository Ireland (DRI) website. Thereafter, everyone will have access to all the data collected but significantly the public worldwide can search the DRI and see selected items uploaded in Offaly and also those items used in national and international exhibitions.	Tabharfaidh Coiste Comórtha 2016 Uíbh Fhailí, i gcomhar leis na cumainn staire, cuireadh don phobal earraí cuimhneacháin a thaifeadadh sna míonna seo amach romhainn. Cuirfear an tionscadal sin i gcrích le cúnamh ó mhodheolaíocht Inspiring Ireland agus ag teacht leis an modheolaíocht sin. Tógfar grianghraif de na hearraí a bhaileofar agus uaslódálfar go digiteach iad chuig suíomh gréasáin Stór Digiteach Éireann (DRI). Ina dhiaidh sin, beidh fáil ag gach duine ar na sonraí go léir a bhaileofar ach, rud ba thábhachtaí fós beidh daoine ar fud an domhain mhóir in ann DRI a chuardach agus míreanna roghnaithe a uaslódáladh in Uíbh Fhailí a fheiceáil chomh maith le míreanna a úsáideadh i dtaispeántais náisiúnta agus idirnáisiúnta.
QUARTER 1, 2016 RÁITHE 1, 2016 Venue TBC Le deimhniú	The Committee recognises the need to conserve important historical records and accordingly is supporting the conservation of the film of the Parade held in Tullamore in 1966.	Aithníonn an Coiste go bhfuil gá le taifid stairiúla thábhachtacha a chaomhnú agus dá réir sin tá sé ag tacú le caomhnú na scannánaíochta a rinneadh ar an Mórshiúl a bhí i dTulach Mhór i 1966.
FEBRUARY 2016 FEABHRA 2016 Áras an Chontae, Tullamore Áras an Chontae, Tulach Mhór	Tullamore Urban District Council's 1916 Minute Book is being conserved and digitised. It will be presented at a talk on aspects that it highlights in February 2016.	Tá Leabhar Miontuairiscí 1916 Chomhairle Ceantair Uirbigh Thulach Mhór á chaomhnú agus á dhigitiú. Cuirfear i láthair é ag caint a thabharfar ar ghnéithe a dtarraingítear aird orthu sa leabhar i mí Feabhra 2016.

18/19.03.16 Tullamore Tulach Mhór	The National Irish Volunteers Commemorative Society will host a two day exhibition in Tullamore showing the artefacts and telling the story of the Irish Volunteers.	Beidh Cumann Comórtha Náisiúnta Óglaigh na hÉireann i mbun taispeántais dhá lá i dTulach Mhór ag a dtaispeánfar iarsmaí agus ag a n-inseofar scéal Óglaigh na hÉireann.
	Local Historical Societies are preparing to host a number of lectures and talks on various aspects of 1916. Offaly Historical Society is to publish a Journal focusing on the events associated with 1916. The Committee will support these initiatives and continue to liaise with the Historical Societies. Lectures organised to date include:	Tá Cumainn Staire Áitiúla i mbun ullmhúcháin chun roinnt léachtaí agus cainteanna a óstáil ar ghnéithe éagsúla de 1916. Tá Cumann Staire Uíbh Fhailí chun Iris a fhoilsiú ina ndíreofar ar na himeachtaí a bhain le 1916. Tacóidh an Coiste leis na tionscnaimh sin agus leanfaidh sé dá chuid oibre leis na Cumainn Staire. I measc na léachtaí atá eagraithe go dtí seo tá siad seo a leanas:
26.08.15 AND QUARTER 1, 2016 26.08.2015 AGUS RÁITHE 1, 2016 Edenderry Library & Tullamore Central Library Leabharlann Éadan Doire & Lár-Leabharlann Thulach Mhór	"...hated; despised; degraded..."? The fate of Michael Foley, Edenderry's 1916 Rising Veteran, Dr Philip McConway.	"...hated; despised; degraded..."? Cinniúint Michael Foley, Seansaighdiúir Éirí Amach 1916 as Éadan Doire, An Dr Philip McConway.
04.12.15 Offaly Historical Society Cumann Staire Uíbh Fhailí	"The Background of 1916", Dr. Ruán O'Donnell, University of Limerick.	"Cúlra 1916", An Dr Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh.
MARCH/APRIL 2016 MÁRTA/AIBREÁN 2016 Offaly Historical Society Cumann Staire Uíbh Fhailí	"The Military Involvement of 1916 – Tactics on the Irish side", Brigadier General James P. Cullen, Retired Judge Advocate General, American Army.	"An Rannpháirtíocht Mhíleata i 1916 – Beartaíocht ar thaobh na hÉireann", An Briogáidire-Ghinearál James P. Cullen, Ardabhcóide Breithiúnais ar Scor, Arm Mheiriceá.
QUARTER 1, 2016 RÁITHE 1, 2016 Birr Library Leabharlann Bhiorra	"The Offaly Republican Roll of Honour", Dr Philip McConway.	"Rolla Onóra Poblachtach Uíbh Fhailí", An Dr Philip McConway.
QUARTER 4, 2016 RÁITHE 4, 2016 Offaly Historical Society / 2016 Commemoration Committee Cumann Staire Uíbh Fhailí / Coiste Comórtha 2016	Offaly Historical Society, with the support of the 2016 Commemoration Committee, will prepare a publication of essays on Offaly and 1916.	Ullmhóidh Cumann Staire Uíbh Fhailí, le tacaíocht ó Choiste Comórtha 2016, foilseachán aistí ar Uíbh Fhailí agus 1916.

The Living Language
An Teanga Bheo

OCTOBER 2015 DEIREADH FÓMHAIR 2015 Tullamore Central Library & distribution county-wide Seoladh: Lár-Leabharlann Thulach Mhór & á scaipeadh ar fud an chontae	A resource pack is being prepared by Tullamore Central Library to provide assistance to teachers and students. Elements of the resource pack will be bilingual.	Tá pacáiste acmhainní á ullmhú ag Lár-Leabharlann Thulach Mhór chun cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí agus do scoláirí. Beidh gnéithe den phacáiste acmhainní ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.
TBC LE DEIMHNIÚ County-wide Ar fud an chontae	Local Comhaltas Ceoltóirí Éireann branches will host events throughout the county in line with their national programme.	Beidh brainsí áitiúla de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann i mbun imeachtaí ar fud an chontae ag teacht lena gclár náisiúnta.

Youth and Imagination
An Óige agus an tSamhlaíocht

OCTOBER 2015 DEIREADH FÓMHAIR 2015 Tullamore Central Library & distribution county-wide Seoladh: Lár-Leabharlann Thulach Mhór & á scaipeadh ar fud an chontae	A resource pack is being prepared by Tullamore Central Library to provide assistance to teachers and students to understand and relate the events of 1916 with the county. This resource pack, which will include a bibliography, will be made available on-line and will issue to all schools in early January 2016.	Tá pacáiste acmhainní á ullmhú ag Lár-Leabharlann Thulach Mhór chun cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí agus do scoláirí imeachtaí 1916 sa chontae a thuiscint agus a insint. Cuirfear an pacáiste acmhainní seo, ina mbeidh leabharliosta, ar fáil ar líne agus eiseofar é chuig gach scoil go luath i mí Eanáir 2016.
QUARTER 1, 2016 RÁITHE 1, 2016 Edenderry Municipal District Ceantar Bardasach Éadan Doire	A number of educational display panels of events in the Edenderry area are being developed by the Edenderry Historical Society and these will be toured in schools in the east Offaly area.	Tá roinnt painéil taispeána oideachasúla d'imeachtaí i gceantar Éadan Doire á bhforbairt ag Cumann Staire Éadan Doire agus tabharfar thart chuig na scoileanna i gceantar oirthear Uíbh Fhailí iad.
	Proclamations prepared in schools throughout the county as part of the Department of Education and Skills programme will be exhibited throughout the county library network and in the Council's public offices.	Déanfar forógraí atá á n-ullmhú i scoileanna ar fud an chontae mar chuid de chlár na Roinne Oideachais agus Scileanna a chur ar taispeáint ar fud líonra leabharlainne an chontae agus in oifigí poiblí na Comhairle.

15.03.16 County-wide Ar fud an chontae	Proclamation Day.	Lá an Fhorógra.
04–20.03.16 Civic Offices and library network Oifigí Cathartha agus líonra leabharlainne	School Exhibitions, Proclamation for a New Generation, 1916 Ancestry Project, Poetry, Art etc.	Taispeántais Scoile, an Forógra do Ghlúin Nua, Tionscadal Shinsear 1916, Filíocht, Ealaín, etc.

Cultural Expression
Léiriú Cultúrtha

MARCH 2016 MÁRTA 2016 Premier location to be finalised Suíomh an chéad léiriúcháin le deimhniú	*Hello Camera* are being supported in the making of "Offaly Rising", a unique film documentary about Peadar Bracken and Eamonn Bulfin, two men from Offaly who participated in the Rising following their travels to Australia and Argentina before returning to Offaly.	Tá tacaíocht á cur ar fáil do *Hello Camera* chun "Offaly Rising", clár faisnéise sainiúil, a dhéanamh faoi Pheadar Bracken agus Éamonn Bulfin, beirt fhear as Uíbh Fhailí a bhí rannpháirteach san Éirí Amach i ndiaidh dóibh a bheith san Astráil agus san Airgintín sular fhill siad ar Uíbh Fhailí.
QUARTER 4, 2016 RÁITHE 4, 2016 County-wide Ar fud an chontae	Acclaimed photographer Veronica Nicholson is commissioned to document the county during 2015/2016 as the century of our nation turns. 200 images will be published and an exhibition will be launched and held in the latter part of 2016.	Coimisiúnaíodh an grianghrafadóir clúiteach Veronica Nicholson chun léiriú a thabhairt ar an gcontae le linn 2015/2016 ag casadh an chéid inár dtír. Foilseofar 200 íomhá agus seolfar taispeántas agus beidh sé ar siúl go mall in 2016.
20–28.08.16 Áras an Chontae, Tullamore Áras an Chontae, Tulach Mhór	Siobhan Bulfin, granddaughter of Eamonn Bulfin, who raised the Irish Republic green flag on the GPO during Easter Week and was the first Cathaoirleach of Offaly County Council, has been commissioned to create a commemoration piece of her grandfather, Eamonn Bulfin. It will be launched during 2016 Heritage Week.	Coimisiúnaíodh Siobhán Bulfin, garinían Éamoinn Bulfin, a d'ardaigh bratach ghlas Phoblacht na hÉireann ar Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath le linn Sheachtain na Cásca agus a bhí ar an gcéad Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, chun píosa comórtha a chruthú dá seanathair, Éamonn Bulfin. Seolfar é le linn Sheachtain Oidhreachta 2016.

JANUARY 2016 EANÁIR 2016 Áras an Chontae, Tullamore Áras an Chontae, Tulach Mhór	A Public Arts Project, 'Secrets of Offaly', (which is being organised separate to the Offaly 2016 Commemorations projects), will highlight three communities, namely, Kinnitty, Clonbollogue and Clara in the early 1900s.	In 'Secrets of Offaly', Tionscadal Ealaíon Poiblí (atá á eagrú mar ócáid ar leith ó thionscadail Chomórtha Uíbh Fhailí 2016), tarraingeofar aird ar thrí phobal, is iad sin, Cionn Eitigh, Cluain Bolg agus Clóirtheach go luath sna 1900idí.
18.09.15	Culture Night 2016 will form a tapestry of remembering, reflection and looking to the future in music, theatre, exhibitions, literature and film. An element of the Arts Act Grants 2016 and Culture Night 2015 will be directed towards 2016 themed projects and a number of community groups are currently liaising with the Arts Officer and developing exciting programmes. Events currently organised includes a rehearsed reading of two new Offaly plays:	Beidh sraith imeachtaí mar chuid d'Oíche Chultúir 2016 ina gcuimhneofar siar, ina ndéanfar machnamh agus ina mbreathnófar chun cinn i bhfoirm ceoil, amharclannaíochta, taispeántais, litríochta agus scannáin. Cuirfear cuid de Dheontais Acht Ealaíon 2016 agus Oíche Chultúir 2015 i dtreo tionscadal a mbeidh téama 2016 ag gabháil leo; tá roinnt grúpaí pobail ag obair leis an Oifigeach Ealaíon i láthair na huaire agus tá cláir den scoth á bhforbairt. I measc na n-imeachtaí atá á n-eagrú faoi láthair tá léamh cleachta ar dhá dhráma nua as Uíbh Fhailí:
18.09.15 Tullamore Library Leabharlann Thulach Mhór	"Rising, Rebels and Rich Tea" by Christiane O'Mahoney.	"Rising, Rebels and Rich Tea" le Christiane O'Mahoney.
18.09.15 Shannon harbour Caladh na Sionainne	"Love in the Harbour" by Eddie Alford.	"Love in the Harbour" le Eddie Alford.
THROUGHOUT 2016 I RITH 2016 Áras an Chontae, Tullamore Áras an Chontae, Tulach Mhór	2016 Centenary Exhibition Programme, Áras an Chontae, is a year round programme of exhibitions highlighting Offaly's response to remembering the past, reflecting on our achievements and re-imagining our Republic for future generations. An invitation to participate and exhibit has been issued.	Is clár bliana é Clár Taispeántais Céad Bliain 2016, Áras an Chontae, de thaispeántais ina dtarraingeofar aird ar fhreagra Uíbh Fhailí ar an saol atá caite a chur i gcuimhne, ar mhachnamh a dhéanamh ar ár n-éachtaí agus ar ár bPoblacht a athshamhlú le haghaidh na nglún amach anseo. Eisíodh cuireadh chun bheith rannpháirteach sa taispeántas.

Community Participation
Rannpháirtíocht Phobail

	William Bulfin's book 'Rambles in Éirinn' gives an account of his travels by bicycle around Ireland which contributed to the nationalist movement, and has inspired this event which is being organised by Irish Country Roads and Culture Trails. William Bulfin corresponded with Padraig Pearse and sent his son, Eamonn, to his school. Eamonn Bulfin raised the Irish Republic green flag on the GPO during Easter Week.	In 'Rambles in Éirinn', leabhar le William Bulfin, tugtar cuntas den taisteal a rinne sé ar rothar timpeall na hÉireann agus a chuir leis an ngluaiseacht náisiúnach, agus a thug spreagadh don imeacht seo atá á eagrú ag Irish Country Roads and Culture Trails. Bhíodh William Bulfin i mbun comhfhreagrais le Pádraig Mac Piarais agus chuir sé Éamonn, mac leis, chuig a scoil. Is é Éamonn Bulfin a d'ardaigh bratach ghlas Phoblacht na hÉireann ar Ard-Oifig an Phoist le linn Sheachtain na Cásca.
29–30.08.15 Derrinlough, Co. Offaly to Durrow, Co. Laois Doirín an Locha, Co. Uíbh Fhailí go Darú, Co. Laoise	William Bulfin Rambles in Eirinn Derrinlough to Durrow High Nelly Cycle.	William Bulfin Rambles in Éirinn – Rothaíocht ó Dhoirín an Locha go Darú ar an High Nelly.
20–28.08.16 To be confirmed Le deimhniú	Offaly based High Nelly Cycle.	Uíbh Fhailí: Rothaíocht ar High Nelly.
QUARTER 1, 2016 RÁITHE 1, 2016 Áras an Chontae, Tullamore Áras an Chontae, Tulach Mhór	Three Public Arts Projects, initiated under the Per Cent for Art Scheme, entitled **Secrets of Offaly**, highlight an event or character from each of the three communities of Clara, Clonbollogue and Kinnitty in the early 1900s.	I dtrí Thionscadal Ealaíon Poiblí, a chuirfear ar siúl faoin Scéim Céatadáin don Ealaín, dar teideal **Secrets of Offaly**, tarraingeofar aird ar ócáid nó ar charachtar ó gach ceann de na trí phobal seo a leanas: Clóirtheach, Cluain Bolg agus Cionn Eitigh, go luath sna 1900idí.
17.03.16 Towns and villages throughout the county Bailte agus sráidbhailte ar fud an chontae	St. Patrick's Day parades will incorporate a theme that will encourage widespread citizen engagement in 1916 related events, involving the broadest possible community and voluntary sector participation in towns and villages throughout the country.	Cuimseofar i mórshiúlta Lá Fhéile Pádraig téama a spreagfaidh saoránaigh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.
20–28.08.2016 Countywide Ar fud an chontae	Heritage Week 2016 Programme will be themed Communities and Commemorating 1916.	Beidh Pobail agus Comóradh 1916 mar théama ag Clár Sheachtain Oidhreachta 2016.

Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

22–23.03.2016 Dublin and Offaly Baile Átha Cliath agus Uíbh Fhailí	Offaly County Council has supported the Sister Cities Summit meeting and an invitation to the Mayors of Chandler, Arizona and Baltimore, Maryland has been issued. A local programme of events for the occasion will be developed in the coming months.	Thacaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí leis an gcruinniú Mullaigh den Chlár Comhchathracha agus tá cuireadh tugtha do Mhéara Chandler, Arizona agus Baltimore, Maryland. Forbrófar clár imeachtaí áitiúil don ócáid sna míonna seo amach romhainn.
COMMENCE IN: QUARTER 4 2015 AG TOSÚ: RÁITHE 4 2015 Library Network Líonra Leabharlainne	Offaly 2016 Commemoration Committee is working with Inspiring Ireland to ensure that 1916 memorabilia will be collated in an effective manner. Memorabilia will be digitally recorded and uploaded to the Inspiring Ireland website. The public worldwide will be able to search Inspiring Ireland's databank and see items uploaded in Offaly and also those items from Offaly used in national and international exhibitions.	Tá Coiste Comórtha 2016 Uíbh Fhailí ag obair le Inspiring Ireland lena chinntiú go mbaileofar earraí cuimhneacháin 1916 go héifeachtach. Déanfar taifeadadh digiteach ar na hearraí cuimhneacháin agus uaslódálfar iad ar shuíomh gréasáin Inspiring Ireland. Beidh daoine ar fud an domhain in ann banc sonraí Inspiring Ireland a chuardach agus féachaint ar mhíreanna a uaslódáladh in Uíbh Fhailí agus freisin ar mhíreanna as Uíbh Fhailí a úsáideadh i dtaispeántais náisiúnta agus idirnáisiúnta.

OFFALY IRELAND 2016 COMMITTEE

Cllr. Sinead Dooley
Cllr. John Carroll
Cllr. Declan Harvey
Cllr. Brendan Killeavy
Cllr. Peter Ormond
Cllr. Liam Quinn
Frank Heslin
Monica Cleary
Amanda Pedlow
Sinead O'Reilly
Mary Stuart

COISTE ÉIRE 2016 UÍBH FHAILÍ

An Comh. Sinead Dooley
An Comh. John Carroll
An Comh. Declan Harvey
An Comh. Brendan Killeavy
An Comh. Peter Ormond
An Comh. Liam Quinn
Frank Heslin
Monica Cleary
Amanda Pedlow
Sinéad O'Reilly
Mary Stuart

OFFALY IRELAND 2016 COORDINATOR:

For further information about this Programme please contact our 2016 Coordinator:

Monica Cleary
e: mcleary@offalycoco.ie
t: 057 93 46827
w: www.offaly.ie

COMHORDAITHEOIR ÉIRE 2016 UÍBH FHAILÍ:

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gClár seo déan teagmháil, lenár gComhordaitheoir 2016:

Monica Cleary
r: mcleary@offalycoco.ie
g: 057 93 46827
i: www.offaly.ie

ÉIRE
IRELAND

1916
2016

Clár Comórtha
Céad Bliain
Centenary
Programme

Offaly County Council,
Áras an Chontae,
Charleville Road,
Tullamore,
Co. Offaly

e: webmaster@offalycoco.ie
t: (057) 9346800
w: www.offaly.ie

Comhairle Contae Uíbh Fhailí,
Áras an Chontae,
Bóthar Charleville,
Tulach Mhór,
Co. Uíbh Fhailí

r: webmaster@offalycoco.ie
g: (057) 9346800
i: www.offaly.ie

ireland.ie

ESTO FIDELIS